Rewarding Learning

**Uimhir Lárionaid**

| 71 | |
|---|---|

**Uimhir Iarrthóra**

| |
|---|

**General Certificate of Secondary Education**
**2010–2011**

# Eolaíocht: Teastas Singil (Modúlach)

## Gníomhaíocht Dhaonna agus Sláinte
## Modúl 2
## Bonnsraith

**[GSC21]**

GSC21

**DÉARDAOIN 11 SAMHAIN 2010, IARNÓIN**

**AM**

45 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **seacht** gceist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 45 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |

| **Marc Iomlán** | |
|---|---|

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**1** **(a)** Comhlánaigh an tábla thíos faoi mhiocróib atá ina gcúis le galar.

Roghnaigh ó:

**víreas** **gónairith** **truis** **polaimiailíteas**

| Cineál miocróib | Galar |
|---|---|
| baictéir | |
| | slaghdán |
| fungais | |

[3]

**(b)** Comhlánaigh na habairtí seo a leanas.

Roghnaigh ó:

**fuiltéachtadh : seicin mhúcasach : craiceann : vacsaíniú**


Tá an corp iomlán clúdaithe le ______________________________

ar bhacainn thábhachtach ar mhiocróib é. Má tharlaíonn damáiste

don bhacainn seo, is é ______________________ a chóiríonn í. [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**2** **(a)** Taispeánann an graf thíos airde na gcailíní i rang cailíní 15 bliana d’aois.




**(i)** Cad é an airde is coitianta sa rang?

__________________ cm [1]

**(ii)** Cá mhéad cailín atá 161cm ar airde?

__________________ [1]

**(iii)** Is sampla d’éagsúlacht leanúnach i ndaoine í airde. Cad é is ciall leis an téarma **éagsúlacht leanúnach**?

____________________________________________________ [1]

**(b)** Luaigh sampla d’éagsúlacht **neamhleanúnach** i ndaoine.

**Ciorclaigh** an freagra ceart.

**meáchan : fad méire : rolladh teanga**

[1]

**(c)** Is féidir linn dath ár gcraiceann a athrú trí bholg le gréin a dhéanamh.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(i)** Is maith le daoine áirithe dath gréine a bheith orthu. Luaigh fáth **amháin** le cad chuige.

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Luaigh míbhuntáiste **amháin** as bolg le gréin a dhéanamh.

_______________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**3** **(a)** Tá daonra Thuaisceart Éireann chomh hard le 1.8 milliún anois. Is é an príomhfháth atá leis seo go bhfuil daoine ag maireachtáil níos faide.

**(i)** Luaigh **dhá** fháth a bhfuil daoine ag maireachtáil níos faide.

Roghnaigh ó:

**níos mó truaillithe : aistí bia níos fearr :**

**cúram leighis níos fearr : níos mó inimirce**


1. ______________________________ [1]

2. ______________________________ [1]

**(ii)** Luaigh míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le méadú ar dhaonra.

______________________________ [1]

**(b)** Taispeánann na graif seo a leanas an t-athrú atá tagtha ar líon 3 chineál éisc (A, B agus C) le 40 bliain anuas.




**(i)** Cén cineál éisc **(A, B nó C)**:

- a bhfuil líon inbhuanaithe acu ann?

_______________ agus _______________ [1]

- ar féidir go bhfuil sé díothaithe?

_______________ [1]

**(ii)** Luaigh dóigh **amháin** ar laghdaíodh ar ró-iascaireacht agus mínigh an dóigh a bhfuil sé seo ina chuidiú leis na stoic iasc a chaomhnú don am atá le teacht.


______________________________

______________________________

______________________________ [2]

**4 (a)** Rinne daltaí imscrúdú ar líon na léicean a bhí ag fás ar stoc crainn i gcoill.

Níor chuntais siad ach a fhad le 1m mar a thaispeánann an léaráid thíos.





Thaifead siad na léicin a bhí ag fás ar gach taobh den chrann. Tá na torthaí anseo thíos.

| **Taobh crainn** | **Líon na léicean** |
|---|---|
| Ó thuaidh | 7 |
| Thoir | 2 |
| Ó dheas | 1 |
| Thiar | 6 |

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
|---|---|

(i) Comhlánaigh an chairt **thíos** le líon na léicean ar gach taobh a thaispeáint.




[2]

(ii) Comhlánaigh an abairt seo a leanas a thugann treocht atá á léiriú ag na torthaí.

Léiríonn na torthaí gur fearr a fhásann an léicean ar an

taobh ___________________________ den chrann. [1]

(iii) Luaigh dhá thoisc **aibitheacha** (fisiceacha) ar féidir go raibh tionchar acu ar dháileadh na léicean ar na crainn.

1. ________________________________________________ [1]

2. ________________________________________________ [1]

(iv) Agus an fhaisnéis thuas in úsáid agat, luaigh **dhá** dhóigh a bhféadfaí torthaí níos iontaofa a fháil ar an suirbhé.

____________________________________________________

________________________________________________ [2]


**(b)** Abair gur tógadh eastát tionsclaíochta in aice leis an choill. Cad é a tharlódh ansin, dar leat, do líon na léicean?

________________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**5** Taispeánann an léaráid seo a leanas an fearas a bhí in úsáid ag Louis Pasteur lena thaispeáint gur miocróib ón aer is cúis le héilliú bia.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |




**(a)** Cuir síos ar thorthaí thurgnamh Pasteur agus mínigh an dóigh ar thaispeáin sé gur miocróib ón aer is cúis le héilliú bia.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [3]

**(b)** Luaigh **dhá** rud a bheadh le déanamh ag Pasteur lena chinntiú go mbeadh na torthaí bailí (triail chothrom).

1. ______________________________________ [1]

2. ______________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**6** **(a)** Is comhvacsaín í MMR a chosnaíonn daoine ar phlucamas, bhruitíneach agus rubella. In 1998 tuairiscíodh go bhféadfadh nasc a bheith ann idir an vacsaín MMR agus uathachas a theacht ar dhaoine.

**(i)** Cén éifeacht, dar leat, a bhí ag an nasc seo a tuairiscíodh ar líon na bpáistí a bhí á vacsaíniú le MMR in 1998?

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Cén éifeacht a bhí aige seo, dar leat, ar líon na bpáistí ar tháinig an bhruitíneach orthu sna blianta i ndiaidh 1998?

_______________________________________________ [1]

**(iii)** Tá líon na bpáistí atá á vacsaíniú anois in aghaidh MMR ar comhleibhéal le líon na bpáistí a bhí á vacsaíniú roimh 1998. Cén fáth a bhfuil sé seo amhlaidh, dar leat?

_______________________________________________ [1]

**(b)** Bhí ionfhabhtú scornaí ar Shorcha agus bhí sí an-tinn. Bhí an dochtúir cinnte gur baictéar de chineál éigin ba chúis leis agus thug sé antaibheathach di.

**(i)** Luaigh **dhá** fháth gur antaibheathach seachas vacsaín a thug an dochtúir do Shorcha.

_______________________________________________

_______________________________________________


_______________________________________________ [2]

**(ii)** Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach, dar leat, nach mbaintear ró-úsáid as antaibheathaigh?

_______________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(c)** Taispeánann an léaráid fagaicít (tíopa d'fhuilchill bhán) agus tom baictéar.




**(i)** Comhlánaigh an léaráid thuas lena thaispeáint cad é an chéad rud eile a tharlóidh. [1]

**(ii)** Ainmnigh an próiseas a thaispeántar.

_______________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
| --- | --- |
| Marcanna | Athmharc |

**7** Is bithbhreosla í saileach a fhásann chomh gasta sin gur féidir í a bhaint i ndiaidh 3 bliana d'fhás.

**(a)** Nuair a bhíonn saileach in úsáid mar bhithbhreosla, is sampla d'fhorbairt **inbhuanaithe** é. Mínigh ina iomláine cén fáth.

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(b)** Deir eolaithe áirithe nach mbíonn éifeacht ann ar athrú aeráide nuair a fhástar saileach agus nuair a úsáidtear í mar bhithbhreosla.

Mínigh ina iomláine cad chuige a ndeir siad é seo.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [3]

**(c)** Luaigh dóigh amháin a spreagfadh an Rialtas feirmeoirí le saileach a fhás

______________________________________________ [1]

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.